AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.5.2024
COM(2024) 197 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

## maidir leis an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle agus fardal na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla spíonta atá i láthair ar chríoch an Chomhphobail agus na hionchais a bheidh ann amach anseo

## AN TRÍÚ TUARASCÁIL

{SWD(2024) 123 final} - {SWD(2024) 127 final}

GA GA

1 RÉAMHRÁ ... 2
2 DRAMHAÍL RADAIGHNÍOMHACH AGUS BREOSLA SPÍONTA SAN AONTAS EORPACH ... 3
2.1 Bunús na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla spíonta ... 3
2.2 Meastacháin agus treochtaí fardail ... 4
2.3 Ionchais amach anseo ... 7
2.4 Treochtaí agus dúshláin ... 8
3 BAINISTIÚ SÁBHÁILTE AGUS FREAGRACH AR BHREOSLA SPÍONTA AGUS AR DHRAMHAÍOLA RADAIGHNÍOMHACH A ÁIRITHIÚ ... 9
3.1 Creataí náisiúnta ... 9
3.1.1 Údaráis rialála inniúla ... 9
3.1.2 Sealbhóirí ceadúnais ... 10
3.1.3 Saineolas agus scileanna ... 10
3.1.4 Acmhainní airgeadais ... 11
3.1.5 Trédhearcacht agus rannpháirtíocht phoiblí ... 12
3.1.6 Sáruithe ... 12
3.2 Cláir náisiúnta ... 13
3.2.1 Staid an dul chun cinn ... 13
3.2.2 Príomhphleananna agus príomhbheartais ... 13
3.2.3 Faireachán ar dhul chun cinn i dtreo cur chun feidhme ... 14
3.2.4 Gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus taispeána ... 15
3.2.5 Sáruithe ... 15
3.3 Féinmheasúnú agus athbhreithnithe piaraí idirnáisiúnta ... 15
4 CONCLÚIDÍ ... 16

# 1 RÉAMHRÁ

Faoi Airteagal 14(2) de Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle[1] maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta[2] agus dramhaíola radaighníomhaí[3] ('an Treoir'), ní mór don Choimisiún an méid seo a leanas a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle:

- tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na Treorach seo; agus
- fardal maidir le dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta atá i láthair i gcríoch an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach ('an Comhphobal') agus na hionchais a bheidh ann amach anseo, ar bhonn thuarascálacha náisiúnta na mBallstát a bhíonn dlite gach 3 bliana de réir Airteagal 14(1) den Treoir[4].

Chuir an Coimisiún dhá thuarascáil ar dhul chun cinn[5][6] faoi bhráid phobal an Aontais in 2017 agus 2019, ina dtugtar forléargas cuimsitheach ar an staid. Cumhdaítear an tréimhse 2018-2021 sa tríú tuarascáil seo.

Tá sí bunaithe ar thuarascálacha náisiúnta na mBallstát atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 23 Lúnasa 2021 ('an dáta maidir le tuairisciú'). Tugtar aghaidh inti ar fhardal foriomlán

---

1 Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí, IO L 199, 2.8.2011, lch. 48.

2 Is é atá i gceist le breosla spíonta 'breosla núicléach atá ionradaithe i gcroí imoibreora agus a baineadh go buan as croí imoibreora' (Airteagal 3(11) den Treoir) agus nach féidir é a úsáid a thuilleadh sa riocht ina bhfuil sé. Gintear é trí imoibreoirí núicléacha a oibriú le haghaidh giniúint cumhachta, taighde, oiliúna agus taispeána.

3 Is éard is dramhaíl radaighníomhach ann 'ábhar radaighníomhach i bhfoirm ghásach, leachtach nó sholadach nach bhforáiltear nó nach meastar aon úsáid eile ina leith' (Airteagal 3(7) den Treoir) agus atá aicmithe mar dhramhaíl radaighníomhach. Baineann a giniúint le leictreachas a tháirgeadh i ngléasraí cumhachta núicléiche nó le húsáidí ábhar radaighníomhach nach mbaineann le cumhacht chun críoch leighis, taighde, tionsclaíoch agus talmhaíochta. Féach SWD(2024) 123 maidir le dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle le haghaidh na sainmhínithe ar choincheapa tábhachtacha eile dá bhforáiltear sa Treoir, mar shampla stóráil nó diúscairt.

4 Tá an anailís a chuirtear i láthair sa tuarascáil bunaithe ar na tuarascálacha náisiúnta agus ar na cláir náisiúnta a glacadh nó a tugadh cothrom le dáta le déanaí mar a thíolaic na Ballstáit i mí Lúnasa 2021. Níor chuir an Ríocht Aontaithe tuarascáil ar fáil. Chun comparáid a dhéanamh le sonraí stairiúla, baineadh amach sciar fardail na Ríochta Aontaithe d'fhardal foriomlán an Aontais Eorpaigh in 2013 agus 2016.

5 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir leis an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle agus fardal na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla spíonta atá i láthair ar chríoch an Chomhphobail agus na hionchais a bheidh ann amach anseo, an 15 Bealtaine 2017, COM(2017) 236 final, agus Doiciméad Inmheánach Oibre (2017) 159 final agus Doiciméad Inmheánach Oibre (2017) 161 final a chomhfhreagraíonn.

6 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir leis an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle agus fardal na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla spíonta atá i láthair ar chríoch an Chomhphobail agus na hionchais a bheidh ann amach anseo, an dara tuarascáil, an 17 Nollaig 2019, COM(2019) 632 final, agus Doiciméad Inmheánach Oibre (2019) 435 final agus Doiciméad Inmheánach Oibre (2019) 436 final a chomhfhreagraíonn.

an Aontais de dhramhaíl radaighníomhach agus de bhreosla spíonta (Roinn 2), comhlíontacht na mBallstát le príomhghnéithe na Treorach (Roinn 3) agus leagtar amach conclúidí an Choimisiúin (Roinn 4).

Tá dhá dhoiciméad inmheánacha oibre ag gabháil leis an tuarascáil:

- cuirtear i láthair i ndoiciméad amháin fardal an Aontais Eorpaigh de dhramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta agus a bhfuil i ndán dó, le dáta tagartha mhí na Nollag 2019; agus
- cuireann an ceann eile an staid fhoriomlán i láthair maidir le bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí sa Chomhphobal bunaithe ar anailís an Choimisiúin ar na tuarascálacha náisiúnta.

Tugtar forbhreathnú i Roinn 2 thíos ar fhardail dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta in AE-27, lena n-áirítear treochtaí agus ionchais. Déantar achoimre i Roinn 3 ar an measúnú ar mar a chuirtear creataí agus beartais náisiúnta chun feidhme faoi láthair faoin Treoir, agus leagtar béim ar an dul chun cinn atá déanta agus ar dhúshláin, i gcomparáid leis na timthriallta tuairiscithe a bhí ann roimhe seo.

## 2 DRAMHAÍL RADAIGHNÍOMHACH AGUS BREOSLA SPÍONTA SAN AONTAS EORPACH

Faoi cheanglais na Treorach, tugann an Coimisiún forléargas trédhearcach agus cuimsitheach go tréimhsiúil ar fhardail uile an Chomhphobail de bhreosla spíonta agus de dhramhaíl radaighníomhach, ionchais san áireamh. Tá an fhaisnéis sin ríthábhachtach chun féachaint an bhfuil céimeanna réasúnta glactha ag na Ballstáit ina mbeartais agus ina gcláir náisiúnta chun na méideanna a ghintear a íoslaghdú agus chun acmhainní leormhaithe stórála agus diúscartha a áirithiú in am trátha ionas nach gcuirfear aon ualach míchuí ar na glúine atá le teacht maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú.

### 2.1 Bunús na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla spíonta

Gineann na Ballstáit uile dramhaíl radaighníomhach trí ghníomhaíochtaí éagsúla ó fheidhmeanna leighis go giniúint leictreachais. Déanann 17 mBallstát san iomlán bainistiú ar bhreosla núicléach spíonta ar a gcríoch féin freisin. Mar gheall ar a airíonna raideolaíocha agus an ghuais a d’fhéadfadh a bheith ann d’oibrithe, don phobal agus don chomhshaol, ní mór a áirithiú go ndéanfar ábhar den sórt sin a bhainistiú go sábháilte óna ghiniúint go dtí go ndéantar é a dhiúscairt. Chuige sin, ní mór daoine agus an timpeallacht bheo a shrianadh agus a leithlisiú thar thréimhsí ama ó roinnt laethanta go dtí na céadta míle bliain, ag brath ar ábhar radaighníomhaíochta an ábhair.

Tagann formhór na dramhaíola radaighníomhaí ó ghléasraí cumhachta núicléiche agus ó ghníomhaíochtaí timthrialla breosla núicléach a bhaineann leo. Gintear toirteanna níos lú dramhaíola radaighníomhaí mar thoradh ar úsáidí neamhchumhachta ábhar radaighníomhach, amhail monarú raidiseatóp lena n-úsáid i bhfeidhmeanna leighis agus tionsclaíocha, nó saoráidí taighde amhail saotharlanna agus imoibreoirí taighde.

Sainíonn gach Ballstát a mheascán giniúna leictreachais féin agus ón dáta tuairiscithe bhí

gléasraí cumhachta núicléiche i bhfeidhm i 13 thír[7]. Bhí dhá Bhallstát eile, an Liotuáin agus an Iodáil, tar éis a gcláir cumhachta núicléiche a fhoirceannadh agus a suiteálacha núicléacha a dhíchoimisiúnú. Ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, is iad na 15 Bhallstát sin a bhfuil cláir cumhachta núicléiche acu[8] le chéile a ghineann 99,5 % i dtoirt den fhardal dramhaíola radaighníomhaí san Aontas Eorpach.

Faoin dáta tuairiscithe, bhí 103 imoibreoir cumhachta núicléiche i mbun oibríochta, le toilleadh iomlán de thart ar 101 GWe, bhí 66 imoibreoir cumhachta núicléiche dúnta go buan agus á ndíchoimisiúnú, agus bhí 3 imoibreoir cumhachta núicléiche díchoimisiúnaithe go hiomlán. Ina theannta sin, bhí 30 imoibreoir taighde in 18 mBallstát i mbun oibríochta, á ndúnadh ar bhonn fadtéarmach nó á ndíchoimisiúnú[9]. Dá bhrí sin, tiocfaidh tuilleadh breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí fadsaoil chun cinn, rud a éileoidh go ndéanfar iad a bhainistiú go sábháilte agus go fadtéarmach go dtí go ndéanfar iad a dhiúscairt.

### 2.2 Meastacháin agus treochtaí fardail

Chomhoibrigh seirbhísí an Choimisiúin leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta d’Fhuinneamh Adamhach (IAEA) agus le Gníomhaireacht an ECFE um Fhuinneamh Núicléach (NEA) chun tacar comhchuibhithe sonraí a shainiú maidir le fardail náisiúnta a thuairisciú agus thacaigh siad le huirlis tuairiscithe chomhchuibhithe IAEA a fhorbairt – an Córas Faisnéise maidir le Breosla Spíonta agus Dramhaíl Radaighníomhach (SRIS) – chun cabhrú leis na Ballstáit fardail chuimsitheacha cothrom le dáta a chur ar fáil.

Rinne an Coimisiún staidéar freisin ar thagarmharcáil na bhfardal náisiúnta[10], agus staidéar eile ina dhiaidh sin ar scéimeanna aicmithe dramhaíola radaighníomhaí san Aontas[11].

Thángthas ar an gconclúid sa staidéar thuas gur cosúil go bhfuil an cur chuige cumarsáide caighdeánaithe a úsáidtear idir ceadúnaithe agus údaráis éifeachtúil agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na n-úsáideoirí. Chuir sé in iúl freisin go bhféadfadh sé nach mbeadh feidhm chórasach ag aicmiú dramhaíola radaighníomhaí maidir le gach dramhaíl tuairiscithe sna tuarascálacha náisiúnta, agus nár foilsíodh go córasach na cineálacha cur chuige, na modhanna agus na huirlisí a úsáideann na Ballstáit chun a bhfardail a fhorbairt.

---

7 An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, an Ísiltír, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn. Ina theannta sin, cé nach bhfuil aon ghléasra cumhachta núicléiche aici laistigh dá teorainneacha náisiúnta féin, tá comhúinéireacht ag an gCróit leis an tSlóivéin ar stáisiún cumhachta núicléiche Krsko.

8 Chun críocha na tuarascála seo, léirítear na Ballstáit sin a bhfuil imoibreoirí cumhachta núicléiche ar a gcríoch, bídís oibríochtúil nó múchta, mar Bhallstáit a bhfuil clár cumhachta núicléiche acu.

9 Féach Bunachar Sonraí Imoibreora Taighde IAEA: https://nucleus.iaea.org/RRDB/RR/ReactorSearch.aspx.

10 *Benchmark Analysis of Member States Approaches to Definition of National Inventories for Radioactive Waste and Spent Fuel* [Anailís Tagarmhairc ar Chur Chuige na mBallstát maidir le Fardail Náisiúnta le haghaidh Dramhaíl Radaighníomhach agus Breosla Spíonta a Shainiú]- https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/e8d170a2-4016-11eb-b27b-01aa75ed71a1/language-ga.

11 *Study on radioactive waste classification schemes in the EU* [Staidéar ar scéimeanna aicmithe um dhramhaíl radaighníomhach san Aontas Eorpach]- https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/a3fa58a2-dcce-11ed-a05c-01aa75ed71a1.

Deimhníodh sa staidéar deireanach sin nach léir go bhfuil aon ghá le córas comhchuibhithe aicmithe dramhaíola a ghlacadh ar fud na mBallstát, cé go bhfuil gá fós le tuairisciú comhchuibhithe.

Níor tháinig athrú suntasach ar cháilíocht an fhardail i gcomparáid leis an timthriall tuairiscithe a bhí ann roimhe seo. Sholáthair aon trian de na Ballstáit (go príomha iad siúd a bhfuil cláir núicléacha acu) faisnéis mhionsonraithe fardail, agus thuairiscigh formhór na mBallstát eile sonraí fardail neamhiomlána agus san fhormáid chéanna agus a bhí sa chéad timthriall tuairiscithe. Thug ocht mBallstát a gcuid sonraí fardail isteach sa Chóras Faisnéise maidir le Breosla Spíonta agus Dramhaíl Radaighníomhach faoi mhí an Mheithimh 2023. Moltar don chuid eile de na Ballstáit leas a bhaint as tuairisciú córasach tríd an gcóras seo freisin. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe cáilíochta agus comhchuibhithe den tuairisciú, go príomha trí úsáid an Chórais Faisnéise maidir le Breosla Spíonta agus Dramhaíl Radaighníomhach a chur chun cinn.

Chuir formhór na mBallstát a bhfardal dramhaíola radaighníomhaí i láthair trí úsáid a bhaint as an scéim aicmithe de réir treoir sábháilteachta GSG-1 IAEA[12] nó tá maitrísí curtha ar fáil acu lenar féidir sonraí a thiontú óna scéim aicmithe náisiúnta go dtí an scéim aicmithe atá molta ag IAEA.

Ag deireadh 2019 ba é fardal iomlán measta na dramhaíola radaighníomhaí ar chríoch AE-27 **2 334 000 $m^3$** (méadú 5 % ón tréimhse thuairiscithe roimhe sin, a chomhfhreagraíonn do mheántáirgeacht bhliantúil níos lú ná 40 000 $m^3$) [13].

Rinneadh thart ar 66 % den dramhaíl seo a dhiúscairt[14] (1 552 000 $m^3$) agus bhí 34 % (782 000 $m^3$) á stóráil[15] agus caithfear í a bhainistiú amach anseo. Léiríonn na sonraí, i gcás na mBallstát sin ina bhfuil bealaí diúscartha ar oscailt do dhramhaíl ar leibhéal an-íseal agus ar leibhéal íseal, gur cosúil go bhfuil sreabhadh go ginearálta ann sa bpróiseas ó ghiniúint go diúscairt; i gcás na n-aicmí dramhaíola sin, thit na méideanna atá á stóráil faoi 10 % (28 000 $m^3$), agus tháinig méadú 8% ar na méideanna atá á diúscairt (122 000 $m^3$). Níor breathnaíodh an rud céanna i gcás dramhaíl ardleibhéil agus idirmheánach ná breosla spíonta ní nach ionadh, ós rud é nach bhfuil aon saoráidí diúscartha i bhfeidhm faoi láthair chun na haicmí dramhaíola sin a láimhseáil.

[12] 'Classification of Radioactive Waste', General Safety Guide, IAEA, Vienna, 2009. [Aicmiú um Dhramhaíl Radaighníomhach', Treoir Ghinearálta Sábháilteachta, IAEA] Vín, 2009.

[13] Ba é ~90 millilítear an mheánghiniúint dramhaíola radaighníomhaí in aghaidh an duine in aghaidh na bliana; is ionann an méid sin agus níos lú ná 0,1 % i gcomparáid le táirgeadh bliantúil de dramhaíl ghuaiseach i gcoitinne.


[14] Ciallaíonn 'diúscairt' breosla spíonta nó dramhaíl radaighníomhach a chur i saoráid gan é a bheith beartaithe sin a aisghabháil.

[15] Ciallaíonn 'stóráil' breosla spíonta nó dramhaíl radaighníomhach a choinneáil i saoráid d'fhonn sin a aisghabháil.


***Bosca 1***

*Toirteanna agus stádas na dramhaíola radaighníomhaí san Aontas Eorpach, deireadh 2016 agus 2019.*

| | Méideanna (mílte m³) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Arna stóráil | | Arna diúscairt | | Iomlán | |
| **Bliain** | **2016** | **2019** | **2016** | **2019** | **2016** | **2019** |
| **VLLW** | 233 | 233 | 369 | 462 | 601 | 695 |
| **LLW** | 381 | 353 | 1 039 | 1 068 | 1 420 | 1 421 |
| **ILW** | 178 | 191 | 12 | 22 | 190 | 213 |
| **HLW** | 4.5 | 4.8 | 0 | 0 | 4.5 | 4.8 |
| **Iomlán** | **796** | **782** | **1 420** | **1 552** | **2 216** | **2 334** |




*Dáileadh toirteanna iomlána na dramhaíola radaighníomhaí sna Ballstáit a bhfuil clár cumhachta núicléiche acu, deireadh 2019.*





Níor tháinig aon athrú tríd is tríd ar dháileadh na dramhaíola radaighníomhaí de réir aicme. Bhain an sciar is airde le dramhaíl ar leibhéal íseal agus an dara sciar is airde le dramhaíl ar leibhéal an-íseal. Pointe sonrach le breithniú is ea nach bhfuil aicme dramhaíola ar leith ar leibhéal an-íseal ag roinnt Ballstát, mar a shainmhínítear i scéim um aicmiú dramhaíola GSG-1 IAEA. Tuairiscítear dramhaíl den sórt sin mar chuid den aicme dramhaíola ar leibhéal íseal. Is é an toradh atá air sin gur gannmheastachán iad na méideanna dramhaíola ar leibhéal an-íseal a thuairiscítear agus gur rómheastachán iad na méideanna dramhaíola ar leibhéal íseal a thuairiscítear.

Déantar dramhaíl ar leibhéal idirmheánach agus dramhaíl ardleibhéil a ghiniúint agus a stóráil

go sábháilte sna Ballstáit a bhfuil cláir cumhachta núicléiche acu den chuid is mó.

***Bosca 2*** *- Dáileadh na dramhaíola radaighníomhaí in aghaidh na catagóire.*




Ag deireadh 2019[16], rinneadh thart ar **54 700 tHM de bhreosla spíonta** a stóráil in AE-27, (méadú thart ar 5 % ó 2016 agus méadú 12 % ó 2013). Seoladh thart ar 1,5 % den bhreosla spíonta sin lena athphróiseáil lasmuigh den Aontas Eorpach agus bhíothas ag súil le torthaí na dramhaíola radaighníomhaí mar thoradh ar an athphróiseáil.

Tá an breosla spíonta uile san Aontas á stóráil faoi láthair, toisc nach bhfuil saoráid diúscartha shibhialta le haghaidh breosla spíonta i bhfeidhm ar fud an domhain. Tá sé beartaithe ag formhór na mBallstát a oibríonn gléasraí cumhachta núicléiche a gcuid breosla spíonta a dhiúscairt i saoráidí geolaíocha doimhne gan athphróiseáil. Mar sin féin, tá roinnt acu ag athphróiseáil a mbreosla spíonta, agus tá an rogha chun athphróiseála coimeádta ag Ballstáit eile ina gcuid beartas.


## 2.3 Ionchais amach anseo

Sa tuarascáil roimhe seo, chuir na sonraí fardail a thuairiscigh na Ballstáit ar chumas an Choimisiúin na hionchais maidir le fardal dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta Euratom a chruthú go dtí 2030 a chur i láthair, den chéad uair. Sa timthriall tuairiscithe reatha, chuir roinnt Ballstát réamhaisnéis fardail cothrom le dáta ar fáil a raibh réamhaisnéis cothrom le dáta go dtí 2030 mar thoradh air.

---

16 Is é deireadh 2019 an scoithdháta don chuid is mó de na sonraí chun an t-ualach tuairiscithe ar na Ballstáit a laghdú agus chun tuairisciú comhpháirteach leis an gCoinbhinsiún Comhpháirteach a éascú. Féach Doiciméad Inmheánach Oibre SWD(2024) 127 maidir leis an bhfardal le haghaidh sonraí.

***Bosca 3** — Éabhlóid na bhfardal dramhaíola radaighníomhaí (ar chlé) agus breosla spíonta (ar dheis).*





Bhí éagsúlacht mhór ann maidir le leibhéal na mionsonraí a chuir na Ballstáit ar fáil, go háirithe maidir leis an dramhaíl a tháinig as feidhmeanna neamhchumhachta agus díchoimisiúnú suiteálacha núicléacha. Mar gheall ar theorainn ar na sonraí tuairiscithe, is meastachán é an réamh-mheastachán reatha ar na méideanna dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta go dtí 2030. Sholáthair formhór na mBallstát meastacháin ar a bhfardail amach anseo le haghaidh 2050. Mar sin féin, toisc nach raibh fáil ar shonraí réamhaisnéise fardail le haghaidh 2050 ó roinnt Ballstát ina bhfuil fardail mhóra, níorbh fhéidir réamhaisnéis fhadtéarmach ar fhardal foriomlán an Aontais a chur ar fáil. Ós rud é go gcumhdaíonn formhór na gclár náisiúnta tréimhsí os cionn 100 bliain, spreagtar na Ballstáit chun obair a dhéanamh ar mheastacháin a mhairfidh go dtí 2050 agus chun an leibhéal éiginnteachta atá tugtha faoi deara ag an gCoimisiún a laghdú a mhéid is féidir. Táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas ar cháilíocht na sonraí fardail de bharr úsáid an Chórais Faisnéise maidir le Breosla Spíonta agus Dramhaíl Radaighníomhach. Mura dtarlaíonn sé sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh íoschaighdeáin a leagan síos maidir le tuairisciú cruinn, iomlán agus trédhearcach.

Mar gheall ar an dúnadh atá beartaithe agus an díchoimisiúnú a mheasfar a dhéanfar ar roinnt suiteálacha núicléacha, tiocfaidh méadú suntasach ar an méid dramhaíola sna deich mbliana amach romhainn. Síltear go bhféadfadh dúbailt na méideanna dramhaíola ar leibhéal an-íseal a bheith ann faoi 2030, agus go bhféadfadh méadú idir 38 % agus 73 % teacht ar na haicmí dramhaíola eile. Dá bhrí sin, ba cheart aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas: i) dramhaíl radaighníomhach ag an túsphointe a íoslaghdú; ii) roghanna réamhdhiúscartha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun toirteanna dramhaíola a laghdú; agus iii) saoráidí nua stórála nó diúscartha a fhorbairt.

### 2.4 Treochtaí agus dúshláin

Is é an toradh atá ar an easpa saoráidí diúscartha geolaíocha doimhne atá ann faoi láthair go bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar na méideanna dramhaíola idirmheánaí agus ardleibhéil stóráilte, agus breosla spíonta, rud a chruthaíonn dúshláin maidir le toilleadh stórála fadtéarmaí leormhaithe a áirithiú agus réitigh dhiúscartha inbhuanaithe a fhorbairt. Léirítear i bhFíor 1 pleananna reatha na mBallstát chun tús a chur le hoibriú saoráidí geolaíocha doimhne.




Fíor 1. Tús beartaithe d'oibriú saoráidí geolaíocha doimhne.

D'fhéadfadh fad na bpleananna sin mar aon le cinntí atá ar feitheamh agus easpa céimeanna nithiúla cur i bhfeidhm tráthúil tionscadal den sórt sin a chur i mbaol. Ní mór do na Ballstáit a rannpháirtíocht a mhéadú maidir le réitigh bhainistíochta fhadtéarmacha a fhorbairt le haghaidh dramhaíl ar leibhéal idirmheánach, dramhaíl ardleibhéil, agus breosla spíonta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus taispeána a luaithe agus is féidir ionas nach gcuirfear ualach míchuí ar na glúine atá le teacht. Ba cheart gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú, ar an leibhéal beartais agus teicniúil, nach mbeidh aon mhoill iomarcach ann amach anseo maidir le tionscadail a chur chun feidhme. Dá réir sin, ba cheart do na Ballstáit uile an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an bpleanáil, acmhainní leormhaithe a ghealladh, na gníomhaíochtaí taighde agus oiliúna is gá a dhéanamh agus dul i dteagmháil leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile chun dlús a chur leis an gcur chun feidhme. Léiríonn sé sin go bhfuil an-tairbhe le baint ag na Ballstáit as ailíniú le dea-chleachtais a chéile chun a áirithiú go gcloífear go leormhaith leis na prionsabail maidir le bainistiú sábháilte agus freagrach breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí a chumhdaítear sa Treoir.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag formhór na dtíortha maidir le saoráidí stórála a thógáil, a nuachóiriú agus a leathnú, in ainneoin roinnt moille a bheith orthu i gcomparáid leis na bunphleananna.

Tá díchoimisiúnú gléasraí cumhachta núicléiche ag éirí níos tábhachtaí do thionscal núicléach na hEorpa. Tá díchoimisiúnú na suíomhanna núicléacha a dúnadh ar siúl go leanúnach sa cheathrú cuid de na Ballstáit.

# 3 BAINISTIÚ SÁBHÁILTE AGUS FREAGRACH AR BHREOSLA SPÍONTA AGUS AR DHRAMHAÍOLA RADAIGHNÍOMHACH A ÁIRITHIÚ

## 3.1 Creataí náisiúnta

Go ginearálta, lean creataí náisiúnta na mBallstát de bheith ag feabhsú le blianta beaga anuas, go príomha trí bhearta reachtacha náisiúnta a ghlacadh inar tugadh aghaidh ar shaincheisteanna trasuímh iarmharacha, agus as ar eascair dúnadh dhá thrian de na nósanna imeachta um shárú maidir le trasuí mícheart na Treorach.

Le cois an idirphlé leis an gCoimisiún, tá sé léirithe go bhfuil féinmheasúnuithe agus athbhreithnithe piaraí idirnáisiúnta ina spreagadh chun creataí náisiúnta a ailíniú le ceanglais na Treorach.

### *3.1.1 Údaráis rialála inniúla*

In 2019, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh údarás rialála inniúil amháin ar a laghad ag na Ballstáit uile. I roinnt cásanna, is iad na socruithe atá ann go ndéileálann údaráis inniúla áitiúla/réigiúnacha le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí in éineacht leis na húdaráis náisiúnta; níor cuireadh faisnéis ar fáil sna tuarascálacha náisiúnta gaolmhara maidir lena róil

agus lena bhfreagrachtaí, ná maidir leis an gcaoi a mbíonn siad ag idirghníomhú lena chéile.

Cé gur cheap formhór na mBallstát sásraí chun foireann oilte a choinneáil laistigh de na húdaráis rialála, bhí dúshláin roimh roinnt acu maidir le hacmhainní daonna leormhaithe a choinneáil ar bun san fhadtéarma. Deimhníodh an treocht sin sna torthaí a bhí ar mhisin idirnáisiúnta athbhreithnithe piaraí le déanaí.

Soláthraíonn formhór na dtuarascálacha náisiúnta faisnéis maidir le bearta chun neamhspleáchas teicniúil agus airgeadais na n-údarás rialála inniúil a áirithiú. Chuir 19 mBallstát an líon foirne iarbhír ar fáil; dá bhrí sin, ní chumhdaítear AE-27 san iomlán leis an bhfaisnéis. Iarrann an Coimisiún an athuair ar na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil mar a dhéanann siad cheana i dtuarascálacha an Choinbhinsiúin Chomhpháirtigh[17], agus í a chur isteach faoi Airteagal 14(1) den Treoir, de réir mar is gá.

### *3.1.2 Sealbhóirí ceadúnais*

I gcomhréir le ceanglas na Treorach, tá sealbhóirí ceadúnais freagrach go príomha as bainistiú sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí a ghintear i gcríoch na mBallstát. Go ginearálta, cuireadh achoimre ar fáil i dtuarascálacha na mBallstát ar na ceanglais dlí is infheidhme gan tuilleadh faisnéise ar an gcaoi a gcuirtear na ceanglais sin chun feidhme sa chleachtas, go háirithe maidir le measúnuithe sábháilteachta agus acmhainní daonna agus airgeadais na sealbhóirí ceadúnais.

Maidir le hathbhreithnithe sábháilteachta tréimhsiúla agus feabhsuithe sábháilteachta chomh maith le measúnuithe sábháilteachta le linn an phróisis ceadúnúcháin[18], chuir beagnach leath de na Ballstáit faisnéis ar fáil ar an méid a baineadh amach le linn na tréimhse tuairiscithe.

Is ar éigin gur cuireadh aon fhaisnéis ar fáil maidir le hacmhainní daonna agus airgeadais iarbhír na sealbhóirí ceadúnais seachas na ceanglais dhlíthiúla ghaolmhara a léiriú. I gcásanna áirithe, cuireadh faisnéis chineálach ar fáil maidir leis an gcaoi a mbainistítear inniúlacht agus scileanna. Ba cheart do na Ballstáit na gnéithe sin a chumhdach sa chéad timthriall tuairiscithe eile.

### *3.1.3 Saineolas agus scileanna*

Níor tuairiscíodh ach líon beag athruithe nó forbairtí i gcomparáid leis an gcás 3 bliana roimhe sin. Tá ceanglais dhlíthiúla leagtha síos ag beagnach gach Ballstát chun oiliúint agus oideachas fhoireann na bpáirtithe uile lena mbaineann a áirithiú. Mar sin féin, níor cuimsíodh faisnéis i dtimpeall aon trian de na Ballstáit nó níor thug siad samplaí maidir le cur chun feidhme na gceanglas sin.

Trí chéile, tá socruithe foirmiúla níos forbartha le haghaidh oideachais, oiliúna agus taighde ag na Ballstáit a bhfuil cláir cumhachta núicléiche acu. Go ginearálta, sainítear ar bhealach níos fearr an oiliúint agus an t-oideachas a fhaigheann an t-údarás rialála ná mar a dhéantar i gcás oibreoirí agus páirtithe leasmhara/ceadúnaithe eile. Aithnítear gur uirlisí úsáideacha iad

---

[17] An Coinbhinsiún Comhpháirteach maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Breosla Spíonta agus maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí.

[18] Airteagail 7(2), 7(3) den Treoir.

malartú idirnáisiúnta taithí trí athbhreithnithe piaraí, ceardlanna, comhdhálacha, cuairteanna agus imeachtaí comhchosúla chun oiliúint agus oideachas a chur ar bhaill foirne, go háirithe le haghaidh Ballstáit nach bhfuil cláir cumhachta núicléiche acu.

Tuairiscíonn beagán níos lú ná leath na mBallstát gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, agus tuairiscíonn an chuid eile díobh i dtéarmaí cineálacha amháin nó ní thuairiscítear iad ar chor ar bith.

### *3.1.4 Acmhainní airgeadais*

Chuir beagnach gach Ballstát[19] faisnéis ar fáil maidir leis an measúnú costais ar a gcláir náisiúnta. Tá éagsúlacht mhór sna meastacháin ó thaobh modheolaíochta, toimhdí, iomláine sonraí, raon feidhme agus amchláir de.

Rinne leath de na Ballstáit – go príomha iad siúd a bhfuil cláir cumhachta núicléiche acu – a meastacháin chostais a thabhairt cothrom le dáta le déanaí. Ní raibh na nuashonruithe sin iomlán i gcónaí, áfach, agus níor léirigh siad na forbairtí costais le blianta beaga anuas. Tá sé tábhachtach athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar na costais mheasta agus, nuair is gá, iad a thabhairt cothrom le dáta nuair is bunús iad chun cistiú leormhaith a chur ar fáil chun na cláir náisiúnta a chur chun feidhme.

Sa chéad tuarascáil ar dhul chun cinn, thart ar EUR 250 billiún ab ea an costas measta iomlán ar dhramhaíl radaighníomhach a bhainistiú[20] in AE-27 agus, agus sa dara tuarascáil rinneadh é a athmheas ag thart ar EUR 300 billiún[21]. Tá an costas measta reatha ar an leibhéal céanna[22].

Chuir thart ar leath de na Ballstáit faisnéis ar fáil maidir le stádas na gcistí le haghaidh bainistiú breosla spíonta agus/nó dramhaíola radaighníomhaí cé go raibh leibhéal na mionsonraí éagsúil[23]. Ar an iomlán, is beag faisnéis a tuairiscíodh faoi fheidhmiú na gcistí. Moltar do na Ballstáit measúnú rialta a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn a gcuid cistí, chun freagairt réamhghníomhach a thabhairt ar aon athruithe a d’fhéadfadh tarlú agus chun a áirithiú go nglacfar bearta ceartaitheacha go tráthúil, más gá.

Ag aithint dó a thábhachtaí atá an t-ábhar seo, rinne an Coimisiún staidéar in 2020[24] ar na modheolaíochtaí atá in úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chostais, chomh maith leis na scéimeanna maoinithe atá i bhfeidhm agus an caidreamh eatarthu. Sainaithníodh sa staidéar

19 Dhá Bhallstát amháin (gan ach dramhaíl institiúideach amháin iontu) nár chuir aon mheasúnú costais ar fáil.

20 Ciallaíonn ‘costas iomlán measta um bhainistiú dramhaíola radaighníomhaí’ an costas iomlán comhiomlánaithe ar chláir náisiúnta Bhallstáit uile an Aontais le linn a dtréimhse iomlán.

21 Ní áirítear costais mheasta do chlár náisiúnta na Ríochta Aontaithe sna figiúirí sin.

22 Féach na mionsonraí le haghaidh gach Ballstáit sa Doiciméad Inmheánach Oibre SWD(2024) 123 maidir le Dul Chun Cinn ar Chur Chun Feidhme Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle. Níor cuireadh faisnéis ó nósanna imeachta um shárú atá ar siúl faoi láthair san áireamh, áfach.

23 Féach Tábla 10 sa Doiciméad Inmheánach Oibre SWD(2024) 123.

24 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh, Methodologies of cost assessment for radioactive waste and spent fuel management :an overview of the practices adopted in the EU, [Modheolaíochtaí ar mheasúnú costais le haghaidh dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta a bhainistiú : forléargas ar na cleachtais a glacadh san Aontas Eorpach], Oifig na bhFoilseachán, 2020, https://data.europa.eu/doi/10.2833/476584.

treochtaí, dea-chleachtais agus dúshláin chomónta do na Ballstáit uile. Thairis sin, in 2021, bhunaigh an Coimisiún go foirmiúil an grúpa saineolaithe maidir le gnéithe airgeadais den díchoimisiúnú núicléach agus den bhainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí (gearrainm: 'Grúpa saineolaithe ar Chúlghnéithe Airgeadais Núicléacha')[25]. Trína chlár oibre, tacóidh an grúpa saineolaithe leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit measúnú airgeadais agus samhaltú a dhéanamh. Mar sin féin, is léir nach raibh an Treoir éifeachtach a mhéid a bhaineann lena rialacha arb é is aidhm dóibh dálaí a chruthú chun infhaighteacht acmhainní airgeadais leormhaithe a áirithiú go hiomlán le haghaidh breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, lena n-áirítear dramhaíl radaighníomhach ó ghníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin, nuair is gá.

### *3.1.5 Trédhearcacht agus rannpháirtíocht phoiblí*

Níor thuairiscigh na Ballstáit aon mhórchéimeanna ná mórfhorbairtí, seachas díospóireacht phoiblí sa Fhrainc maidir leis an gcúigiú Clár Náisiúnta[26]. An creat beartais agus dlíthiúil lena rialaítear na socruithe trédhearcachta a cuireadh i láthair sna tuarascálacha náisiúnta, den chuid is mó, agus níor tugadh mórán sonraí iontu maidir le cur chun feidhme nó cleachtais iarbhír. Is iad suíomhanna gréasáin, tuarascálacha, na meáin, srl. na mórchainéil phoiblíochta fós. De ghnáth, údaráis rialála a dhéanann na gníomhaíochtaí sin, cé go gcruthaíonn reachtaíocht náisiúnta i roinnt Ballstát oibleagáidí i leith sealbhóirí ceadúnais. Téann níos mó ná dhá thrian de na Ballstáit i gcomhairle leis an bpobal mar chuid den mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol mar réamhchoinníoll chun ceadúnais a eisiúint le haghaidh suiteálacha um bhainistiú dramhaíola núicléiche agus radaighníomhaí.

Athdhearbhaíonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé na ceanglais trédhearcachta agus rannpháirtíochta poiblí a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear faisnéis a chur ar fáil maidir le dul chun cinn an chur chun feidhme go hiarbhír sa chéad timthriall tuairiscithe eile. Rinneadh neamhaird den chuid is mó den tábhacht a bhaineann le heochairtháscairí feidhmíochta iomchuí sa tuairisciú. Tugtar le fios leis sin nach raibh an Treoir éifeachtach maidir le cumarsáid atá go hiomlán trédhearcach a áirithiú faoin gcaoi ar cuireadh na cláir náisiúnta chun feidhme.

### *3.1.6 Sáruithe*

Maidir leis na saincheisteanna atá ar feitheamh a ndéantar cur síos orthu thuas, b'éigean don Choimisiún roinnt nósanna imeachta a thionscnamh in aghaidh roinnt Ballstát maidir le trasuí na Treorach.

Faoi thráth na tuarascála seo, bhí dhá nós imeachta[27] fós ar siúl, agus bhí sé chás[28] maidir le sárú dúnta ag an gCoimisiún roimh dheireadh an timthrialla tuairiscithe.

[25] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&groupID=3777.

[26] https://www.asn.fr/l-asn-informe/dossiers-pedagogiques/la-gestion-des-dechets-radioactifs#plan-national-de-gestion-des-matieres-et-dechets-radioactifs

[27] In aghaidh na Cróite, agus na Laitvia.

[28] In aghaidh na hEastóine, na hUngáire, na hÉireann, Mhálta, na Portaingéile agus na Ríochta Aontaithe.

### 3.2 Cláir náisiúnta

Leagtar amach sa Treoir príomhcheanglas do na Ballstáit beartais náisiúnta a bhunú agus a choinneáil ar bun maidir le bainistiú sábháilte agus fadtéarmach breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí. Ní mór do na beartais sin cloí le prionsabail ghinearálta[29] agus ba cheart iad a aistriú ina bpleananna nithiúla gníomhaíochtaí i gclár náisiúnta gach Ballstáit[30].

*3.2.1 Staid an dul chun cinn*

Thug an Coimisiún dá aire an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh maidir le cláir náisiúnta a fhorbairt agus a ghlacadh. Faoin am seo, tá a gclár náisiúnta bunaithe ag gach ceann de na 27 mBallstát agus, le linn na tréimhse tuairiscithe, tugadh aon trian díobh cothrom le dáta.

Tá cláir náisiúnta glactha ag roinnt Ballstát lena sonraítear gníomhaíochtaí le haghaidh tréimhse shonrach amháin, ina gcumhdaítear tréimhse idir 5 agus 10 mbliana den chuid is mó. Níor ghlac dhá Bhallstát astu sin leaganacha nuashonraithe in am áfach. Chun cásanna den sórt sin a sheachaint amach anseo, moltar do na Ballstáit barr feabhais a chur ar phróisis phleanála agus ghlactha chun leanúnachas an chláir náisiúnta a áirithiú.

I bhformhór na gcásanna, mar thoradh ar chláir a thabhairt cothrom le dáta tá garspriocanna á mbrú go dtí tráth níos déanaí. Ba mhaith leis an gCoimisiún a mheabhrú go gceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt faoi aon athrú suntasach ar na cláir náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 13(1) den Treoir, athruithe ar sceidil chur chun feidhme san áireamh.

Tríd is tríd, bhí tionchar ag moilleanna suas le 5 bliana ar chur chun feidhme chláir náisiúnta na mBallstát, mar gheall, i bpáirt, ar nósanna imeachta ceadúnaithe níos faide ná mar a bhíothas ag súil leo, ar athruithe ar an mbeartas nó ar chinntí polaitiúla. I gcásanna áirithe eile, i gcás nár tuairiscíodh amlínte soiléire nó nár sainíodh straitéis fhadtéarmach, bhí sé deacair measúnú a dhéanamh ar thráthúlacht chur chun feidhme an chláir. D’fhéadfadh moilleanna den sórt sin ualach a aistriú chuig na glúine atá le teacht. Ní raibh siad nasctha le haon saincheisteanna sábháilteachta, áfach, toisc go n-áirithítear leis na creataí náisiúnta faoi láthair bainistiú cuí dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta.

*3.2.2 Príomhphleananna agus príomhbheartais*

Ar an iomlán, cumhdaíonn beagnach gach ceann de na cláir náisiúnta gach cineál dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta a ghintear i gcríocha na mBallstát, ach ní léiríonn ach aon trian díobh pleananna nithiúla ó ghiniúint go diúscairt. Cé go bhfuil sé beartaithe ag formhór na mBallstát dramhaíl radaighníomhach agus/nó breosla spíonta a dhiúscairt ina gcríoch féin, níl a gcinneadh deiridh déanta ag gach ceann acu agus measann cuid acu fós na féidearthachtaí maidir le diúscairt chomhchoiteann ilnáisiúnta.

Tá formhór na mBallstát nach bhfuil cláir cumhachta núicléiche acu agus roinnt Ballstát a bhfuil cláir cumhachta núicléiche acu ag smaoineamh ar dhramhaíl radaighníomhach a onnmhairiú lena diúscairt. Níor thug an Coimisiún aon fhorbairt shuntasach faoi deara sa chleachtas le blianta beaga anuas i dtreo réiteach comhroinnte maidir le diúscairt, áfach. Is fiú

[29] Airteagal 4 den Treoir.
[30] Airteagail 11 agus 12 den Treoir.

a thabhairt faoi deara go gcuireann creataí náisiúnta toirmeasc ar allmhairiú dramhaíola radaighníomhaí i roinnt Ballstát, lena n-áirítear roinnt Ballstát a bhfuil réitigh chomhroinnte á meas acu[31].

Ar aon dul leis an timthriall tuairiscithe a bhí ann roimhe seo, is beag faisnéis atá ann fós faoin gcaoi a ndéantar dramhaíl radaighníomhach institiúideach[32] a bhainistiú, agus dá bhrí sin is i dtéarmaí leathana amháin a chumhdaítear an ghné sin de bhainistiú dramhaíola radaighníomhaí sa tuarascáil seo.

### *3.2.3 Faireachán ar dhul chun cinn i dtreo cur chun feidhme*

De réir Airteagal 12(1)(g) den Treoir, ní mór eochairtháscairí feidhmíochta (KPIanna) a áireamh sna cláir náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo a gcur chun feidhme. I bhfad ó bheith ina gceanglas foirmiúil, is gné riachtanach den chlár náisiúnta iad eochairtháscairí feidhmíochta, rud a chumasaíonn faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo cur chun feidhme, cur chun feidhme an bheartais náisiúnta agus, ar deireadh, i dtreo chuspóir uileghabhálach na Treorach a bhaint amach, is é sin ualaí míchuí ar na glúine atá le teacht a sheachaint. Thairis sin, ós rud é gur cheart do na Ballstáit, faoi Airteagal 14 den Treoir, iad a thuairisciú don Choimisiún gach 3 bliana, is uirlis úsáideach iad eochairtháscairí feidhmíochta freisin chun trédhearcacht a áirithiú don phobal.

Ó rinneadh an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn, tá an sainmhíniú ar eochairtháscairí feidhmíochta á shainaithint ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an gceanglas thuasluaite mar cheann de phríomhdhúshláin chur chun feidhme a bhaineann leis na cláir náisiúnta. Sa dara tuarascáil uaidh, thug an Coimisiún chun suntais go raibh gá fós le hiarracht bhreise ó na Ballstáit chun ceanglas eochairtháscairí feidhmíochta a chomhlíonadh go hiomlán, agus chuir sé i dtábhacht go láidir nár shainmhínigh níos mó ná aon trian de na Ballstáit eochairtháscairí feidhmíochta i gcomhréir leis an Treoir.

Chun tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an mórcheist chomhlíontachta seo, chistigh an Coimisiún staidéar[33] ar eochairtháscairí feidhmíochta, a cuireadh faoi bhráid údaráis rialála na mBallstát agus páirtithe leasmhara ábhartha agus a pléadh leo.

Is beag dul chun cinn atá déanta maidir leis na heochairtháscairí feidhmíochta ó bhí an tuarascáil dheireanach ann. Thuairiscigh formhór na mBallstát an dul chun cinn atá déanta maidir leis na cláir náisiúnta a chur chun feidhme, go príomha trí chur síos a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach ón tuarascáil dheireanach, agus tá a ngarspriocanna agus a gcreataí ama tugtha cothrom le dáta ag go leor Ballstát. Níor bhain na Ballstáit úsáid as eochairtháscairí feidhmíochta, áfach, chun stádas chur chun feidhme a gclár náisiúnta a chur i láthair ina dtuarascálacha náisiúnta.

---

31 Féach Tábla 1 sa Doiciméad Inmheánach Oibre SWD(2024) 123.

32 Is éard is dramhaíl institiúideach ann dramhaíl radaighníomhach a thagann ó fheidhmeanna leighis agus tionsclaíocha, agus ó institiúidí taighde.

33 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimhstudy on key performance indicators for monitoring implementation of national programmes on safe and long-term management of spent fuel and radioactive waste:final report, [Staidéar ar eochairtháscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár náisiúnta maidir le bainistiú sábháilte agus fadtéarmach breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí: tuarascáil chríochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, https://data.europa.eu/doi/10.2833/052078.

Nuashonraigh an tSlóivéin a clár náisiúnta in Eanáir 2023, lena n-áirítear eochairtháscairí feidhmíochta a thabhairt i gcomhréir le ceanglais na Treorach agus tagarmharc a leagan síos le haghaidh dea-chleachtas.

*3.2.4 Gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus taispeána*

Níor tháinig aon athrú ar an staid, den chuid is mó, ó rinneadh an tuarascáil dheireanach sa réimse sin. Chuir na Ballstáit faisnéis íosta ar fáil maidir lena ngníomhaíochtaí taighde, forbartha agus taispeána atá beartaithe chun tacú le cur chun feidhme a gclár náisiúnta. Chuir sé Bhallstát, a bhfuil cláir núicléacha mhóra agus mheánmhéide acu den chuid is mó, mionsonraí ar fáil agus chuir siad an dul chun cinn a rinneadh i láthair[34]. Chuir Ballstáit eile na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha agus na tréimhsí ama le haghaidh diúscairt deiridh i láthair i dtéarmaí an-ghinearálta, agus níor thuairiscigh go leor Ballstát aon sonraí ná níor dheimhnigh siad nach bhfuil clár taighde sonrach acu.

Tá na cláir thaighde ag céimeanna éagsúla den chur chun feidhme, agus is iondúil go mbíonn an dul chun cinn ag teacht le cur chun cinn na gclár náisiúnta um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta.

Bíonn go leor Ballstát a bhfuil fardail bheaga acu ag brath ar pháirt a ghlacadh i gcláir nó i dtionscadail idirnáisiúnta atá ar aon dul lena riachtanais um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, nó ar thorthaí na gclár nó na dtionscadal sin a leanúint, agus tá sé beartaithe ag roinnt acu a ngníomhaíochtaí taighde, forbartha agus taispeána féin a fhorbairt. Chuir na Ballstáit i láthair go ginearálta freisin na gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a mbíonn siad rannpháirteach iontu, ag soláthar liostaí de thionscadail gan nasc soiléir nó sainráite le cur chun feidhme na gclár náisiúnta. Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil maidir leis an tionchar a mheastar a bheidh ag na tionscadail sin ar chur chun feidhme na gclár náisiúnta sa tuairisciú a dhéanfaidh siad amach anseo.

*3.2.5 Sáruithe*

Maidir leis na saincheisteanna ar feitheamh a ndéantar cur síos orthu thuas, b'éigean don Choimisiún roinnt nósanna imeachta a thionscnamh in aghaidh roinnt Ballstát maidir le comhlíonadh cheanglais na Treorach i gcás na gclár náisiúnta.

I dtús 2024, tá 18 nós imeachta[35] ar siúl faoi láthair. Bhí trí chás[36] maidir le sárú dúnta ag an gCoimisiún roimh dheireadh an timthrialla tuairiscithe.

## 3.3 Féinmheasúnú agus athbhreithnithe piaraí idirnáisiúnta

Ní mór do na Ballstáit féinmheasúnuithe a eagrú ar a gcreat náisiúnta, ar a n-údarás rialála inniúil, ar a gclár náisiúnta agus ar a chur chun feidhme. Ní mór dóibh freisin athbhreithniú

[34] Is iondúil gurb iad an eagraíocht náisiúnta um bainistiú dramhaíola agus eagraíochtaí taighde a dhéanann gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus taispeána.

[35] In aghaidh na hOstaire, na Beilge, na Bulgáire, na Seicia, na Gearmáine, na Danmhairge, na hEastóine, na Gréige, na Spáinne, na Cróite, na hÉireann, na hIodáile, na Laitvia, na Liotuáine, na hÍsiltíre, na Portaingéile, na Rómáine agus na Slóivéine.

[36] In aghaidh na Polainne, na Rómáine agus na Ríochta Aontaithe.

piaraí idirnáisiúnta a eagrú ar a gcreat náisiúnta, ar a n-údarás rialála inniúil agus/nó ar a gclár náisiúnta gach 10 mbliana ar a laghad[37].

Tríd is tríd, d'áirithigh na Ballstáit comhlíonadh an cheanglais sin trí bhíthin seirbhísí arna soláthar ag IAEA, amhail IRRS (an tSeirbhís Chomhtháite um Athbhreithniú Rialála) agus ARTEMIS (Seirbhís Chomhtháite Athbhreithnithe um Bainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí agus Breosla Spíonta, Díchoimisiúnú agus Feabhsúchán), a forbraíodh le tacaíocht ón gCoimisiún.

Tharla an tréimhse tuairiscithe i gcomhthráth le paindéim COVID-19 2020-2021, rud a chuir isteach go mór ar sceideal athbhreithnithe piaraí ARTEMIS. D'ainneoin sin, rinne na Ballstáit uile athbhreithniú piaraí ARTEMIS faoi dheireadh 2023 i gcomhréir le ceanglais Airteagal 14(3). Ghlac an Coimisiún páirt sna misin mar bhreathnóir agus rinne sé obair leantach ar fhorbairt sheirbhís athbhreithnithe piaraí ARTEMIS.

Ar aon dul leis an gcéad timthriall tuairiscithe agus leis an dara timthriall tuairiscithe, chuir formhór na mBallstát faisnéis ar fáil maidir le féinmheasúnuithe agus athbhreithnithe piaraí idirnáisiúnta ar na húdaráis rialála (IRRS). Rinneadh dhá mhisean IRRS agus trí mhisean leantacha IRRS le linn na tréimhse tuairiscithe, agus go dtí seo tá misin athbhreithnithe IRRS curtha i gcrích nó beartaithe ag Ballstáit uile an Aontais.

Mar a thug an Coimisiún dá aire cheana ina thuarascáil roimhe seo, cé go bhfuil tuarascálacha IRRS agus ARTEMIS ar fáil go poiblí i bhformhór na mBallstát, nach mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi thorthaí na n-athbhreithnithe sin agus faoina bpleananna chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí.

## 4 CONCLÚIDÍ

Measann an Coimisiún go ndearnadh dramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta a bhainistiú go sábháilte sna Ballstáit le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá cláir náisiúnta i bhfeidhm ar fud an Aontais Eorpaigh agus bunaíodh iad ar bhealach trédhearcach agus rannpháirteach. Maidir leis an sciar is mó de dhramhaíl radaighníomhach, baineadh úsáid as réitigh shábháilte le haghaidh bainistithe agus diúscartha, mar a léiríodh leis an méadú ar mhéideanna diúscartha i gcomparáid le méideanna laghdaitheacha de thoirteanna stóráilte. Ba chosúil go raibh córas na bhféinmheasúnuithe agus na n-athbhreithnithe piaraí idirnáisiúnta comhsheasmhach leis na riachtanais agus go bhfuil sé ag spreagadh nuashonruithe agus feabhsú leanúnach ar bhainistiú dramhaíola; is fiú a lua gur dea-chleachtas é sin ar scála domhanda, ós rud é gurb iad Ballstáit an Aontais príomhchliaint shásra athbhreithnithe piaraí ARTEMIS IAEA go dtí seo.

Mar sin féin, bhí an ráta chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin fós mall go ginearálta, agus is beag athrú is féidir a thuairisciú i ndáil leis an tuarascáil roimhe seo (i roinnt cásanna bhí na tuarascálacha náisiúnta beagnach comhionann leis na cinn a cuireadh isteach sa timthriall tuairiscithe roimhe seo). Ós rud é go bhfuil 10 mbliana de spriocdháta thrasuí na Treorach sa reachtaíocht náisiúnta caite, ar an iomlán, is féidir teacht ar chonclúid ghinearálta nach bhfuil cuspóirí na Treorach maidir le gach catagóir de dhramhaíl

[37] Airteagal 14(3) den Treoir.

radaighníomhach bainte amach go hiomlán le trasuí agus cur chun feidhme na Treorach sna Ballstáit go dtí seo. Chuige sin, ní mór meastóireacht níos críochnúla a dhéanamh ar éifeachtacht na Treorach maidir le bainistiú freagrach breosla núicléach spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí san Aontas a áirithiú agus aistriú aon ualaigh mhíchuí chuig na glúine atá le teacht a sheachaint.

Cé go ndearna an Fhionlainn, an Fhrainc agus an tSualainn dul chun cinn suntasach maidir le stórtha geolaíocha doimhne a thógáil agus gur choinnigh siad pleananna uaillmhianacha ar bun, níor shainigh roinnt Ballstát fós a thuilleadh beartas náisiúnta maidir le bainistiú fadtéarmach a gcuid dramhaíola radaighníomhaí go léir, go háirithe dramhaíl ar leibhéal idirmheánach agus dramhaíl ardleibhéil. Ina theannta sin, níl na spriocanna a leagtar síos i roinnt clár náisiúnta uaillmhianach go leor agus beartaítear leo tréimhsí fada cur chun feidhme a d'fhéadfadh ualach a chur ar na glúine atá le teacht. Tá rogha maidir le réitigh diúscartha roinnte le tíortha eile coimeádta ag roinnt Ballstát. D'fhéadfadh sé go gcuirfí siar cinntí seachas dlús a chur leo, áfach, go háirithe mar gheall ar thoirmisc ar allmhairiú i roinnt mhaith Ballstát.

Is iad na príomh-cheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu ná rialú agus maoiniú na gclár. Uaireanta bíonn an measúnú ar chostais as dáta nó níl sé cuimsitheach, rud a imríonn tionchar ar éifeachtacht na scéimeanna maoiniúcháin agus baol ann nach leor iad chun na costais a chumhdach. Ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur freisin ar an úsáid a bhaintear as eochairtháscairí feidhmíochta maidir leis an dul chun cinn atá déanta leis an gcur chun feidhme a rialú agus a thuairisciú.

Measann an Coimisiún gur cheart do na Ballstáit dlús a chur le hathbhreithniú agus nuashonrú na gclár náisiúnta, agus torthaí na bhféinmheasúnuithe agus na n-athbhreithnithe piaraí idirnáisiúnta á gcur san áireamh, agus – ag an am céanna – feabhas a chur ar cháilíocht an tuairiscithe ar chur chun feidhme na gclár maidir leis na gnéithe a shainaithnítear sa tuarascáil seo. Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin sa chéad timthriall tuairiscithe eile. Ag an am céanna, déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú críochnúil ar threoirlínte reatha ENSREG[38] ina leagtar amach ceanglais tuairiscithe agus bunóidh sé critéir tuairiscithe níos sonraí chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát.

[38] *ENSREG reporting guidelines for Member States* [Treoirlínte tuairiscithe ENSREG le haghaidh na mBallstát]